Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ag Treorú na Tuisceana





## Scileanna tuisceana a theagasc

Oide.ie

CC BY NC

# Clár

## Ag Treorú na Tuisceana

## Clár an Leabhráin

1. Straitéisí Léitheoireachta........................................................ 3

2. Scaoileadh Céimseach na Freagrachta .................................... 7

3. Leabharmhairc bunaithe ar na Sraitéisí ................................... 12

4. Teimpléaid .......................................................................15

**Nóta eolais:** Tá acmhainní eile ar fáil ar ár suíomh anseo ag Oide.ie. Cuirtear smaointe, cluichí agus acmhainní eile ar fáil ar na láithreáin gréasáin seo a leanas:

Scoilnet.ie

COGG.ie

TG4 Foghlaim

# Ag Treorú na Tuisceana –Léamhthuiscint a Theagasc

***"Comprehension strategies are processes used by readers to make meaning from texts. Key comprehension strategies include: activating and using prior knowledge, predicting, visualising, making connections, questioning, clarifying, determining importance, inferring, and synthesising."***

*Primary Language Specification 2025 , pg 77*







***"Straitéisí agus próisis a úsáideann léitheoirí chun ciall a bhaint as téacs iad straitéisí tuisceana. Ar na príomhstraitéisí tuisceana áirítear réamheolas a thabhairt chun cuimhne agus a úsáid, rudaí a thuar, rudaí a shamhlú, ceangail a dhéanamh, ceisteanna a chur , soiléiriú a dhéanamh, tosaíocht a thabhairt do rudaí áirithe thar rudaí eile, tátal a bhaint as rud, míreanna eolais a chur le chéile chun mír eile a dhéanamh."***

*Sonraíocht Teanga 2025, Ich 70*





CC BY NC

# Straitéisí Léitheoireachta Sainmhínithe agus gníomhachtaí le tacú le cur i bhfeidhm na Tuisceana

Tá sé riachtanach raon straitéisí tuisceana a bheith lárnach i múineadh na léitheoireacht, go háirithe. Is éard atá i gceist le straitéisí tuisceana ná modhanna meabhracha a úsáideann dea-léitheoirí le téacs a thuiscint. Caithfear straitéisí tuisceana a mhúineadh go sonrach.

Tá trí leibhéal tuisceana léirithe thíos, ón gcineál liteartha, ísealoird, go cineál meastóireachta, ardoide.






CC BY NC

# Íomhánna a Chruthú

Úsáideann léitheoirí na céadfaí chun íomhanna a chruthú d'fhonn tátail agus tuar a dhéanamh, ciall a bhaint as eolas, sonraí a thabhairt chun chuimhne agus chun cuidiú le tuiscint ar an iomlán.



**Gníomhachtaí: Íomhánna a Chruthú**

**Samhlaigh Seo:** Léann an múinteoir téacs gan aon íomhá a thaispeáint, tarraingíonn páistí pictiúir do na carachtair / an suíomh / an eachtra bunaithe ar na samhail íomhánna atá acu.

**Cairt Céadfach:** Roghnaíonn páistí mír téacs i mbeirteanna agus déanann siad taifeadadh pictiúrtha nó úsáideann siad eocharfhocail chun tréithe/ mothúcháin/ fuaim téacs a léiriú. Iarrtar ar pháistí portráidí ar charachtair a chruthú mar aon le heochairfhocail chun mothúcháin agus smaointe an charachtair a léiriú.

**Clárú Céadfach:** Cláraíonn páistí nótaí gearra ar "post-its" bunaithe ar na híomhánna a ritheann leo agus iad ag léamh. Greamaíonn siad "post-its" d'áiteanna cuí ar an téacs.

**Claochlú Íomhánna:** Léann an múinteoir píosa téacs gan aon íomhá a thaispeáint. Stopann an múinteoir ag léamh ag áit roghnaithe sa téacs agus iarrann sé/sí ar pháistí pé meabhair íomhá atá cruthaithe acu a léiriú ar pháipéar. Tugann páistí Íomhá 1 ar an íomhá seo. Léann an múinteoir a thuilleadh téacs agus tugtar deis do pháistí na h-íomhánna atá acu a athchruthú bunaithe ar an t-eolas breise. Tugtar Íomhá 2 ar an íomhá seo. Spreagtar páistí chun na hathruithe a rinne siad a phlé.


Oide.ie

**Portráid ar Charachtair:** Iarrtar ar pháistí portráidí ar charachtair a chruthú mar aon le heochair fhocail chun mothúcháin agus smaointe an charachtair a léiriú.

**Íomhánna Eolais:** Cruthaíonn páistí eochair íomhánna bunaithe ar théacs fáisnéise.i.e. leabhar eolaíochta nó leabhar neamhfhicsean.



# Féin-cheistiú

Spreagann féin-cheistiú léitheoirí le ceisteanna a chumadh roimh, le linn agus tar éis leitheoireachta d'fhonn tuiscint níos fearr ar an téacs a fháil. Tugann ceisteanna féin-chumtha deis do léitheoirí a bheith gafa, gníomhach san fhoghlaim agus iad ar thóir freagraí.

**Gníomhachtaí: Féin-cheistiú**

**Scamaill na nIontas**: Déanann páistí téacs a phlé agus cruthaíonn siad ceisteanna "N'fheadar" a scríobhann siad laistigh de scamaill ar bhileog saothair. Is féidir seo a dhéanamh go rialta agus téacs á léamh.

**Cártaí Stop agus Smaoinigh:** Tugtar leid chártaí do pháistí le ceisteanna a spreagann machnamh ar chuid den téasc i.e. An dtuigim cad atá i gceist leis an bpíosa sin? An bhféadfainn an chuid sin a mhíniu do dhuine eile?

**Bileog Ceisteanna Roimh, Le linn, agus Tar éis:** Cumann páistí ceisteanna agus scríobhann ar bhileog i 3 cholún ar leith iad : Roimh léitheoireachta, Le linn léitheoireachta,Tar éis leitheoireachta.

**Comhrá Scríofa:** Roinneann páistí smaointe agus tuiscint ar théacs i mbeirteanna lena chéile i bhfoirm scríofa – gan cead cainte a bheith acu.



# Sracfhéachaint


Tugann an léitheoir sracfhéachaint thapa trí théacs le tuiscint ginearálta a fháil ar an ábhar. Tugann ealaín, cló iodálach agus ceannteidil leideanna úsáideacha agus sracfhéachaint á dhéanamh ar théacs.

**Gníomhachtaí: Sracfhéachaint**

**Siúlóid Phictiúrtha:** Tugtar deis do pháistí siúlóid phictiúrtha a dhéanamh trí leabhar d'fhonn tús thuiscint a fháil ar ábhar, carachtair agus suíomh an leabhair. Déanann siad tuar bunaithe ar an sracfhéachaint seo.

**Forleagan Grafacach:** Clúdaíonn na páistí an téacs le páipéar tréshoilseach agus déanann siad codanna den téacs/ceannteidil a rianú. Déantar na codanna seo a mharcáil ar an bpáipéar tréshoilseach. Cabhraíonn seo nuair a bhíonn eolas á scagadh agus á bhailiú ó fhoilsiúcháin le léaráidí/pictiúir/grafanna agus a leithéid.

**Réamhamharc Rúnda:** Líonann na páistí bileog Réamhamharc Rúnda chun eolas a fháil roimh téacs a léamh go hiomlán. Is féidir rannóga a bhaineann leis an gclúdach, na ceannteidil, na léaráidí, an t-údar agus rl a bheith ar an mbileog. Líonann páistí sonraí gairide isteach sna rannóga ar leith bunaithe ar an t-eolas atá faighte acu ón sracfhéachaint. Tar éis an téacs a léamh ba chóir plé a dhéanamh ar chonas mar ar ullmhaigh an Réamhamharc Rúnda iad don téacs.



# Spleáchadh

Déantar spléachadh ar théacs chun eolas sonrach ar leith a fháil, ar nós ainmneacha, dátaí, áiteanna nó ábhar.



**Gníomhachtaí: Spléachadh**

**Ar Thóir an Téacs:** Cruthaítear cártaí tráth na gceist le ceisteanna ag lorg eolas sonrach ar leith, uimhir leathanaigh, dáta, teideal, mar shampla. Léann an múinteoir amach na ceisteanna agus faigheann na páistí an t-eolas chomh tapa agus is féidir leo.

**I gCoinne an Chloig:** Cruthaíonn páistí ceisteanna mar atá sa ghníomhaíocht thuas. Bailíonn an múinteoir na ceisteanna seo agus lorgaíonn sé/sí freagraí na gceisteanna ar na páistí. Caithfidh páistí an áit sa téacs go bhfuil freagra na ceiste a thaispeáint don mhúinteoir.

**Cártaí Aisghabhála:** Faigheann páistí liosta ceannteidil faoi théacs roimh dóibh é a léamh: mar shampla gnáthóg, bia, méid. Déanann páistí spléachadh ar an téacs chun an t-eolas seo agus eolas ginearálta eile a fháil sula léann siad an téacs. Oibríonn seo go maith le téacsanna eolais.

**Cairt le Focail Spéisiúla:** Déanann páistí spléachadh ar théacs le focail nua/suimiúla a aimsiú. Cláraíonn an múinteoir na focail seo ar chairt Focail Spéisiúla maraon leis an leathanach agus alt cuí. Iarrtar ar na páistí nodanna a lorg sa téacs a chuideoidh leo brí na bhfocal a aimsiú. Cláraíonn siad an ciall comhthéacsúil in aice leis na focail nua. Cláraíonn siad an ciall atá acu féin leis na focail chomh maith. Ar deireadh, iarrtar orthu breathnú ar brí na bhfocal i bhfoclóir/gluais.





CC BY NC

## Nascadh

Cruthaítear naisc nó ceangail idir a bhfuil á léamh agus téacsanna eile, leis an léitheoir féin nó le heolas pearsanta atá ag an léitheoir faoin domhan mórthimpeall air.

**Gníomhachtaí: Nascadh**

**Teagmháil leis an Téacs:** Déanann páistí giotaí den téacs a mharcáil le nótaí 'post-its' nuair atá nasc pearsanta déanta acu leis an t- ábhar m.sh. nasc lena dtaithí féin, ábhar atá léite cheana, carachtair aitheanta.



**Cairt Roimh agus Tar Éis:** rangaítear eolas ar chairt i dtrí cholún:

• Cad atá ar eolas againn roimh an téacs a léamh?

• Cad atá ar eolas againn tar éis an téacs a léamh?

• Cén t-eolas eile atá de dhíth orainn?

**Smaoinigh agus Roinn:** Cuireann na páistí liosta d'imeachtaí tábhachtacha sa scéal ar thaobh amháin de leathanach /cairt. Glacann gach páiste ról carachtar ón téacs chun mothúcháin an charachtair seo i rith gach ócáid a mheas. Déantar smaointe a thaifeadadh ar thaobh na láimhe deise in aice leis an ócáid ar leith.

**Téacsanna a Nascadh:** Tar éis roinnt téacsanna a léamh, iarrtar ar pháistí liosta de na téacsanna a dhéanamh agus ansin nascanna eatarthu a liostáil agus a léiriú. Is féidir cosúlachtaí a chlárú ar nasc líne.

**Cad atá sa Téacs?** Tugtar an téacs céanna do ghrúpa páistí le léamh. Tugann an múinteoir liosta ceisteanna a spreagfaidh iad chun nasc a dhéanamh.





Oide.ie

cc BY NC

## Tuar

Baintear úsáid as réamheolas an pháiste maidir le topaic áirithe chun tuar a dhéanamh ar a tharlóidh i dtéacs roimh agus le linn na léitheoireachta. Bíonn tuar bunaithe ar leideanna sa téacs, mar shampla pictiúir, léaráidí, fotheidil agus plota.

**Gníomhachtaí: Tuar**

**Íomhánna Deighilte:** Bíonn páistí ag obair i mbeirteanna. Déanann Páiste A cur síos ar phictiúir a ghabhann leis an téacs. Ní bhíonn cead ag Páiste B féachaint ar na pictiúir seo. Féachann Páiste B ar an gcéad pictiúr eile agus cuireann sé/sí leis an cur síos atá déanta ag Páiste A. Leantar leis an bpróiseas seo go deireadh an téacs.

**Tuar Pearsanta**: Déanann na páistí tuar ag baint úsáid as teideal, údar, blurba agus rl. Ansin tugtar eochairfhocail ón téacs do na páistí agus iarrtar orthu an chéad tuar a leasú bunaithe ar an t-eolas nua atá anois acu.

**Scrúdaigh an Téacs:** Cuireann an múinteoir an téacs i bhfolach agus taispeánann sé/sí íomhánna, léaráidí agus pictiúir. Cruthaíonn na páistí a dtéacs féin bunaithe ar na pictiúir.

**Liathróid Criostail:** Tar éis téacs a léamh, roinn na páistí i ngrúpaí, oibreoidh gach grúpa ar charachtar ón téacs. Bíonn babhta tobsmaointeoireachta ag na páistí chun eolas a bhailiú faoin gcarachtar áirithe m.sh. na rudaí gur maith/nach maith leo, caitheamh aimsire, tréithe atá luaite go sonrach sa téacs, tréithe atá intuigthe sa téacs. Ar deireadh, déanann siad an todhchaí a thuar don charachtar sin bunaithe ar eolas atá acu ón mbuntéacs. Roinntear a gcuid tuairimí ar ghrúpaí eile.

**Gníomhachtaí: Tuar**

**Bileoga smaoinimh:** Úsáidtear ceannteidil agus teidil chaibidil chun ceisteanna bunaithe ar an téacs a chruthú. Ceadaítear do pháistí smaointe a phlé agus a roinnt roimh léitheoireachta agus ansin na freagraí céanna a mheas tar éis an téacs a léamh.

**Fíor/Bréagach:** Déanann na páistí smaointe mar gheall ar eachtraí an scéil a chlárú roimh dóibh an téacs a léamh.Tar éis an scéal a léamh cuirtear na smaointe i gcomparáid le cad é go díreach a tharla le dearbhú nó diúltú a fháil.





Oide.ie

# Comparáid

Sa straitéis seo déantar machnamh ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir a bhfuil ar eolas agus a bhfuil á chur in iúl i dtéacsanna. Tá gaol idir an straitéis seo agus nascadh mar nuair a bhíonn nasc á dhéanamh le téacs, leis an saol nó an domhan mór, bíonn béim ar chosúlachtaí agus difríochtaí a aithint.

**Gníomhachtaí: Comparáid**

**Léaráid Venn:** Úsáideann páistí dhá chiorcal atá ag trasghearradh a chéile le sonraí a bhaineann le dhá téacs ar leith a chlárú ar gach ciorcal. Déantar gnéithe coitianta a thaifeadadh sa rannóg forluiteach. D'fhéadfaí gnéithe ar nós ábhair, carachtair, fíricí a chur i gcomparáid.

**Díreach Ar Nós:** Cuireann páistí carachtair i gcomparáid leo féin, le carachtair ó scéalta eile nó le daoine go bhfuil aithne ag na páistí orthu m.sh. Mamó

**Dialann Dúbailte:** Déanann páistí eachtraí ó scéal a chlárú ar thaobh amháin de leathanach dialainne. Ar an taobh eile den leathanach déanann siad comparáid le heachtraí ó scéalta eile agus ón ngnáthshaol.





 CC BY NC

## Tátal

Cruthaíonn an léitheoir tuiscint uathúil ar an téacs tríd a bhfuil á léamh sa téacs a chomhnascadh le smaointe pearsanta an léitheora.

**Gníomhachtaí: Tátal**

**Féin-Phortráid Carachtar:** Glacann páiste ról carachtar agus cruthaíonn siad próifíl don duine sin ag baint úsáide as leideanna follasach agus intuigthe ón téacs a thuganmúinteoir i.e. *Tá cónaí orm i ......, is maith liom .....*

**Agallaimh:** Bíonn paistí ag obair i mbeirteanna, páiste amháin ag glacadh ról carachtar sa scéal agus an páiste eile ag cur agallamh ar an bpáiste sin. Ba chóir do mhúinteoirí léiriú a dhéanamh ar na cineálacha ceisteanna atá ag teastáil, ceisteanna a leagfaidh béim ar tuilleadh eolais a fháil amach faoin gcarachtar ná mar is léir ón téacs.

**Scálaí Rátála** : Roghnaíonn páistí carachtar le rátáil a dhéanamh air/uirthi. Déantar tréithe an charachtair a phlé agus a thaifeadadh i.e. drochbhéasach, meata, cineálta. Ag baint úsáide as scála rátála simplí: An- , measartha, ar chor ar bith, a mhalairt, cuireann páistí tic in aice leis an rátáil cuí. Caithfidh páistí a gcuid measúnú a dhlisteanú le fianaise ón téacs. Ba chóir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh go rialta le linn léitheoireachta chun athraithe a bhaineann le h-iompar carachtair a chlárú.






CC BY NC

**Gníomhachtaí: Tátal**

**Cárta Tuairisce:** Ullmhaíonn páistí cárta tuairisce do charachtar i dtéacs bunaithe ar "ábhair" áirithe m.sh. cócaireacht ,cairde, obair tí. Socraíonn siad ar ghrád a thabhairt don charachtar má léiríonn sé/sí tréithe ar leith, ach bíonn orthu fianaise ón téacs a sholáthar chun tacú leis an mbreithiúnas atá déanta acu.

**Agallamh a Chruthú:** Ag obair i mbeirteanna roghnaíonn páistí carachtar agus eachtra amháin. Cumann siad agallamh mar gheall ar an eachtra atá roghnaithe acu, rud a spreagann iad chun tátal a dhéanamh faoi na carachtair. Roinntear an obair ar an rang agus déantar plé ar na hagallaimh a cruthaíodh.






CC BY NC

# Sintéis

Déantar blúirí eolais ó fhoinsí éagsúla a thabhairt le chéile sa straitéis seo le linn nó tar éis na léitheoireachta chun cuspóirí éagsúla a bhaint amach.

**Gníomhachtaí: Sintéis**

**Las na Soilse**:Iarrtar ar pháistí nóta a dhéanamh nuair a thagann siad ar eolas a chuireann le tuiscint nó a dhéanann soiléiriú ar téacs atá á léamh acu. Sin iad na huaireanta a deir léitheoirí "SIN É!" agus ábhar á léamh acu.

**Próifíl Plota:**Tar éis an téacs a léamh go grinn iarrtar ar na páistí liosta a dhéanamh de na príomh imeachtaí sa scéal in ord. Déantar gach imeacht a rátáil ansin ó thaobh tionchar nó leibhéal spleodair sa scéal, ó 1 go 10. Déantar gach imeacht a bhreacadh ar ais chothrománach agus a mheaitseáil le leibhéal spleodair ar an ais ingearach. Nasctar na pointí sin chun na leibhéil spleodair sa scéal ó thús go deireadh a mheas.

**Díospóireacht Mhór**: Cuireann an múinteoir ráiteas oscailte mar gheall ar an téacs faoi bhráid páistí. Tagann grúpaí páistí ar fhreagraí dearfacha nó diúltacha, maidir leis an ráiteas. Déanann siad a ndearcthaí ar an ábhar a chosaint. Ba chóir do pháistí tuairimí a roinnt agus a chur i gcomparáid i dtreo tátail a bhaint amach faoi dheireadh.

**Dialann Sintéise:** Bailíonn páistí eolas ar ábhar roghnaithe ó rogha fairsing foinsí ar nós téacs leabhair agus leabhair thagartha ar an ábhar céanna.Déanann na páistí an fhaisnéis is tabhachtaí ó na foinsí a thaifeadadh le léargas cuimsitheach ar an ábhar a fháil. Oibríonn seo go maith sa Stair nuair atá gá le tuairimí údair agus scríbhneoirí éagsúla maidir le heachtra a mheas.


CC BY NC

# Tábhacht a Dheimhniú

Spreagann an straitéis seo léitheoirí le bheith de shíor ag ceistiú féin chun eolas i dtéacs a scagadh agus a mheas maidir le cad atá tábhachtach ann a dheimhniú.

**Gníomhachtaí: Tábhacht a Dheimhniú**

**Cad é mar Scéal?** Léann páistí téacs ar bith, rangaíonn agus cláraíonn siad an t-eolas san téacs sin maidir le catagóirí éagsúla, m.sh, Suíomh, Carachtair, Imeachtaí. Is féidir an t-eolas a chur i gcomparáid le heolas eile.

**Cúig EochairFhocal:** Iarrtar ar pháistí cúig eochair fhocal i dtéacs a roghnú. Cláraíonn siad na focail seo ar nótaí *post its* agus tugann siad réalt phointí ar na focail sin.Cuireann páistí na focail atá roghnaithe acu i gcomparáid le focail páistí eile agus bíonn plé acu i ngrúpaí ar thábhacht focail áirithe.

**Triantánna Tábhachta:** Tar éis do rang téacs a léamh scríobhann na páistí síos na príomhphointí ar nótaí *post its*. Rangaítear na nótaí de réir tábhachta agus cuirtear ó bhun go barr i bhfoirm triantáin iad leis na pointí is tábhachtaí ar bharr.




CC BY NC

# Achoimriú agus Athinsint

Is éard atá i gceist le h-achoimriú ná cumas píosa téacs a laghdú d'fhonn díriú ar na codanna is tabhachtaí ann. Déantar athinsint ar an téacs a rá nó a scríobh i bhfocail eile. Baintear úsáid as focail agus nathanna a dhíríonn ar phríomhfhócas an téacs.

**Gníomhachtaí: Achoimriú agus Athinsint**

**Achoimrí ó Bhéal:** Léann grúpaí codanna ón téacs alt ar alt go ciúin. Ansin, tar éis plé, déanann siad achoimre a ullmhú mar ghrúpa.

**Athinsint Cómhalartach**: Mar atá thuas ach sa ghníomhaíocht seo roghnaíonn grúpaí beaga eachtra áirithe an duine ón téacs. Déanann siad na príomhphointí a athinsint.Tosaíonn Páiste A le coimre dá chuid agus téann an scéal ar aghaidh go Páiste B agus mar sin de. Roinntear an achoimre iomlán leis an rang.


**Sortáil de réir Smaointe:** Déanann an múinteoir eochairfhocail / nathanna ón téacs a thaifead ar chártaí. Socraíonn na páistí na cártaí le achoimre a thabhairt ar an téacs. Oibríonn an ghníomhaíocht go maith le téacsanna eolais.

**66 Focal:** Tugtar dúshlán do pháistí téacs a léamh agus achoimre a scríobh i 66 focal nó níos lú. Tugtar greille le 66 dhronuilleog air do pháistí agus iarrtar orthu focal amháin a scríobh i ngach dronuilleog. Spreagann seo páistí le bheith níos tuisceanaí i dtaobh na bhfocal a roghnaíonn siad agus gan ach na cinn is tabhachtaí a roghnú. I ngrúpaí cuireann páistí na greillí 66 bhfocal i gcomparáid agus tagann said ar réiteach faoin 66 bhfocal deireanach. Nuair a bhíonn seo déanta is féidir na cúiseanna a bhain le focail a roghnú/a fhágaint amach a phlé mar ghrúpa.


CC BY NC

# Conas Straitéisí Tuisceana a Mhúineadh:

## Scaoileadh Céimseach Freagrachta




***Pearson & Gallagher, 1984***

**Scaoileadh Céimseach Freagrachta**

1. Cad atá ar eolas ag na páistí faoin ábhar seo?
2. Cad iad na nathanna cainte atá de dhíth orthu chun an t-ábhar a thuiscint?
3. Conas gur féidir liom suim na bpáistí a spreagadh san ábhar?
4. Cén sprioc a bheidh leis an léitheoireacht?
5. Cad iad na gníomhachtaí a chabhróidh le páistí a bheith páirteach sa rang?
6. Cad iad na straitéisí atá de dhíth ar pháistí?
7. Cad iad na straitéisí gur féidir liom léiriú a dhéanamh orthu?



## TUAR

Nuair a bhím ag smaoineamh ar cad a thitfidh amach tré féachaint ar phictiíur agus an téacs a léamh cabhraíonn sé liom cad atá i gceist a tuiscint.

**Nodanna úsáideacha**

Ceapaim go bhfuil an scéal seo mar gheall ar……
Déanaim tuar go ……
ar ball………
Chomh fada le m' eolas....
Ní dóigh liom....



## FÉIN-CHEISTIÚ

Cabhraíonn féin-cheistiú liom an téacs a thuiscint. Bí cinnte ceisteanna a chur roimh, le linn agus tar éis na léitheoireachta!

**Nodanna úsáideacha**

N'fheadar...
Conas sin…?
Cad é do mheas?
Cé... Cad... Cá...
Cathain...
Cén brí a bhí leis sin?



## ÍOMHÁNNA A CHRUTHÚ

Má chruthaím pictiúr i mo cheann agus mé ag léamh cabhraíonn sé liom an téacs a thuscint níos fearr!

**Nodanna úsáideacha**

Feicim......agus seo á léamh agam...
Bolaim, cloisim, blaisim,
Mothaím.....
Feicim pictiúr i mo cheann...




CC BY NC

Íomhánna a Chruthú

Féin-Cheistiú

Tuar




## NASC A DHÉANAMH

Uaireanta agus mé ag léamh bím in ann nasc a dhéanamh le rud éigin atá ar eolas agam cheana!

**Nodanna Úsáideacha**

Cuireann sin an uair go raibh……i gcuimhne dom
Cuireann sin ……i gcuimhne dom..
Nuair a bhí mé óg is cuimhin liom.....
Tá seo an cosúil le sin...



## SRACFHÉACHAINT

Má thugaim sracfhéachaint tapa trí théacs gheobhaidh mé tuairim faoi ábhar an téacs.

**Nodanna Úsáideacha**

Tá a fhios agam ó srachfhéachaint a thabhairt ar an téacs go.......
Measaim go mbeidh seo úsáideach mar feicim ó na ceann teidil go bhfuil....




## TÁTAL

Bíonn orm tátal a dhéanamh uaireanta agus mé ag léamh. Nuair nach dtugann an t-údar freagra ar mo cheisteanna déanaim tátal.

**Nodanna Úsáideacha**

Tar éis an téacs a léamh ceapaim go...
Is dócha....
D'fhéadfadh go....


Oide.ie

Tátal

Sracfhéachaint

Nasc a Dhéanamh



## COIMRIÚ

Nuair atá coimriú ar siúl agam bím ag smaoineamh mar gheall ar cad atá léite agam agus ag díriú isteach ar na gnéithe tábhachtacha

**Nodanna Úsáideacha**

Ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, ar deireadh....
Measaim gurb é cuspóir an údair ná ...



## COMPARÁID

Nuair atá comparáid á dhéanamh agam , feicim cad atá mar an gcéanna agus éagsúil!

**Nodanna Úsáideacha**

Is féidir liom carachtair, suíomhanna agus eachtraí a chur i gcomparáid....
Tá seo mar an gcéanna le....
Tá seo éagsúil ó....



## SINTÉIS

Nuair a bhíonn na straitéisí ar fad á úsáid agam le heolas nua a cheangal le réamh eolas chun tuiscint a fháil bíonn sintéis ar siúl agam

**Nodanna Úsáideacha**

Tá sé agam anois!
Cuireann seo ... i gcuimhne dom
D'fhoghlaim mé ..
Tuigim seo mar...
Cabhraíonn an píosa seo liom tuiscint a fháil ar ...

Sintéis

Comparáid

Coimriú



CC BY NC



## MONATÓIREACHT AR THUISCINT

Tá go leor straitéisí anois agam nuair a bhím i bponc maidir le brí i dtéacs.

**Nodanna úsáideacha**

Nuair a bhím i bponc is feidir liom:
an réamheolas atá agam a úsáid
agus mé ag smaoineamh
athléamh
léamh ar aghaidh
ceisteanna agus nascanna a úsáid



## TÁBHACHT A DHEIMHNIÚ

Tuigim teachtaireacht an údair agus na príomhphointí sa téacs.

**Nodanna úsáideacha**

Bhí an téacs seo mar gheall ar...
Ba iad na sonraí is tábhachtaí ná...
Cuirfidh mé líne faoi na focail is tábhachtaí...
Ceapaim go bhfuil .... agus ....tábhachtach



## SPLÉACHADH

Cabhraíonn spléachadh liom eolas a fháil i téacs le cabhair pictiúir, innéacs, gluais.

**Nodanna úsaideacha**

Bíonn eolas ar nós ainmneacha agus dátaí á lorg agam...
Trí mionscrúdú a dhéanamh ar an téacs fuair mé amach go...
Bíonn eolas sna ceannteidil...
Bíonn eolas i gcló iodálach



Oide.ie

Spléachadh

Tábhacht a Dheimhniú

Monatóireacht ar Thuiscint




CC BY NC

# CREATLACH PLEANÁLA

**Stráitéis tuisceana á cur i bhfeidhm**

Stráitéis le cur i bhfeidhm

Torthaí Foghlama

Feidhmeanna teanga agus Foclóir

Gníomhaíochtaí

Acmhainní

Measúnú

# STRAITÉIS TUISCEANA: SRACFHÉACHAINT

Téacs:

Ainm an údáir:

Maisitheoir:

Cad a thugann mé faoi deara faoin gclúdach?

Cad a thugann mé faoi deara faoi na pictiúir?



Cén saghas teidil atá ar an téacs seo? An bhfuil ceannteideal ag gabháil leis?

Cad iad na ceisteanna atá agam faoin téacs seo?

# Dialann Dúbailte

Téacs:

Údar:

Topaic:

Smaointe ón téacs:

Nasc nó comparáid:


Oide.ie

# Cad é mar Scéal!

Teideal:

údar:

Sort téacs agus ábhar:

Carachtair:

Suíomh:

Tús:

Eachtraí:

Críoch:




Oide.ie
CC BY NC

| | | |
|---|---|---|
| **An Briathar** | **An t-Ainmfhocail** | **An Aidiacht Shealbhach** |
| **An Aidiacht** | **Na hUimhreacha** | **Na Ceistfhocail** |


CC BY NC

# BILEOG OIBRE
# ROIMH, LE LINN, AGUS IARLÉITHEOIREACHTA



Téacs:

Údar:

Maisitheoir:

| Ceisteanna roimh léitheoireacht: | Ceisteanna le linn léitheoireachta | Ceisteanna iarléitheoireachta: |
| --- | --- | --- |
| | | |




Oide.ie

# Tuairimí ag athrú




**Mo chéad thuairim nuair a chonaic mé an téacs**

**Mo thuairim i ndiaidh dom labhair le...**



**Mo thuairim i ndiaidh níos mó den téacs a léamh**

**Mo thuairim ag deireadh na léitheoireacht**






Oide.ie

# Liathróid Chriostail

Cad atá i ndán don charactar seo?





Oide.ie CC BY NC

# STOP AGUS SMAOINIGH

AINM ____________________

DÁTA ____________________

Ar thuig mé an méid a léigh mé?

______________________________________________

An raibh aon chuid nár thuig mé?

______________________________________________

An féidir liom é a mhíniú do dhaoine eile?

______________________________________________

Cad a tharlóidh an chéad uair eile?

______________________________________________

# STOP AGUS SMAOINIGH

AINM ____________________

DÁTA ____________________

Ar thuig mé an méid a léigh mé?

______________________________________________

An raibh aon chuid nár thuig mé?

______________________________________________

An féidir liom é a mhíniú do dhaoine eile?

______________________________________________

Cad a tharlóidh an chéad uair eile?

______________________



Oide.ie CC BY NC

# PRÓIFÍL CARACHTAR

Ainm an charactair:

Tréithe fisiciúla

Pearsantacht

Pictiúr den charachtar:

Ainm an leabhair:

Cairde/ teaghlach


Cá bhfuil cónaí orthu?

Caitheamh aimsire



Oide.ie
CC BY NC

# TUAR PEARSANTA



**Féach go géar ar chlúdach, ainm an údair agus teideal an leabhair.**

**Úsáidan t-eolas seo chun tuar a dhéanamh faoin téacs.**

CARACHTAIR

EACHTRAÍ

SUÍOMH



Oide.ie
CC BY NC

# RÉAMHAMHAIRC RÚNDA

Téacs:
Údar:
Maisitheoir:

Cad a thugann mé faoi deara faoi na léaráidí ?

Cad a thugann mé faoi deara ón gclúdach?

Cad a thugann mé faoi deara faoin údar?

Aon cheisteanna atá agam mar gheall ar an téacs?



Oide.ie
CC BY NC